

2015. M6



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2015*

Gaeilge Gnáthleibhéal

Páipéar II

200 MARC

Dé Máirt
9 Meitheamh
Maidin, 9.30 go dtí 11.50

Treoracha d'iarthóirí ar leathanach 3

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'iarrthóirí

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

Ceist 1: LÉAMHTHUISCINT: A (lch 4 & 5)

agus

B (lch 6 & 7)

Ceist 2: PRÓS: AINMNITHE (A) (lch 8)

nó

ROGNACH (B) (lch 9)

Ceist 3: FILÍOCHT: AINMNITHE (A) (lch 10 & 11)

nó

ROGNACH (B) (lch 12)

Freagair A agus B anseo.

A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

Rory McIlroy - Galfaire na Bliana 2014

1. Bhí bliain iontach ag an ngalfaire Rory McIlroy anuraidh, gan amhras ar bith. Chríochnaigh sé an bhliain 2014 ar bharr liosta ghalfairí an domhain. Bhuaigh sé dhá cheann de mhórchromórtais an ghaile (Majors), Craobh Oscailte na Breataine agus Craobh an PGA i Meiriceá. Bhí sé ar fhoireann na hEorpa a bhuaigh Corn Ryder trí huaire i ndiaidh a chéile: 2010, 2012 agus 2014. Tá gaisce déanta ag Rory – tá trí mhórchromórtas dhifriúla buaite aige cheana féin agus gan é ach cúig bliana is fiche d'aois. Ní dhearna aon ghalfaire Eorpach eile gaisce mar sin riamh.
2. Chuir Rory suim mhór sa ghalf agus é ag fás aníos in Ard Mhic Nasca, Contae an Dúin. Bhí seans ag Rory óg dul ag imirt agus ag cleachtadh go minic mar bhí suim mhór ag a athair sa ghalf agus bhí an teaghlaigh ina gcónaí taobh le galfchúrsa. Rinne sé dul chun cinn bliain i ndiaidh bliana. Bhuaigh sé Craobh an Domhain faoi bhun deich mblíana d'aois in Miami. Sa bhliain 2005 agus gan é ach sé bliana déag d'aois, bhuaigh sé comórtas móra tábhachtach anseo in Éirinn – Craobh Amaitéarach Iarthar na hÉireann. Mhol a lán daoine a scileanna agus a acláiocht sa chomórtas sin. An bhliain dár gcionn, bhuaigh sé Craobhchromórtas Amaitéarach na hEorpa. Sa bhliain 2007, thosaigh sé ag imirt gailf go proifisiúnta.
3. Tá súile an domhain air ón uair sin. Is breá le lucht na meán é mar tá tallann iontach aige agus bíonn sé sásta caint faoina chluiche. Bíonn sé ag imirt go maith de ghnáth, ach bíonn drochlaethanta aige ar an ngalfchúrsa ó am go ham freisin. In Augusta Georgia, sa Masters, in Aibreán 2011, mar shampla, bhí sé chun tosaigh ach bhí am uafásach aige an lá deireanach. Ní raibh a aigne go hiomlán ar an gcluiche, bhuaile sé crann leis an liathróid uair amháin agus chuir sé an liathróid amach as an gcúrsa uair eile. Níor lig sé don tubaiste sin cur as dó rómhór, áfach. Tamall gearr ina dhiaidh sin, bhuaigh sé Craobh Oscailte na Stát Aontaithe, leis an scór ab fhéarr riamh sa chomórtas sin, sé bhuille dhéag faoin bpar.
4. Is maith le Rory na meáin shóisialta nua, Twitter agus Facebook, mar shampla. Tá níos mó ná dhá mhilliún leantóir aige a léann na rudaí a scríobhann sé. Is minic a bhíonn sé ag scríobh faoina shaol agus é ag taisteal timpeall an domhain. Nuair a bhíonn am saor aige, téann sé chuig cluichí sacair agus rugbaí. Leanann sé foireann rugbaí Chúige Uladh agus foireann sacair Manchester United. Dúirt sé go poiblí sna meáin tamall ó shin go n-imreodh sé galf ar son na hÉireann sna Cluichí Oilmpeacha in Rio de Janeiro in 2016.
5. Is fear an-saibhir anois é Rory. Tuilleann sé a lán airgid nuair a bhuan sé comórtais agus déanann sé fógraíocht do chomhlachtaí spóirt éagsúla cosúil le Nike. Bhí an t-ádh leis ina óige, a deir sé. Bhíodh a thuismitheoirí i gcónaí ag cabhrú leis. Anois, ba mhaith leis féin cabhrú le daoine óga nach bhfuil go maith as. Thosaigh sé an eagraíocht charthanachta *The Rory Foundation*. Cabhraíonn an eagraíocht le páistí ar fud an domhain atá tinn nó bocht nó ag fulaingt. Chuir sé airgead ar fáil le hionad saoire a thógáil i gContae an Dúin do pháistí atá ag fulaingt de bharr ailse. Fear maith ar an ngalfchúrsa é agus cara dílis do dhaoine óga freisin.

Bunaithe ar fhoinsí éagsúla



1. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin mbliain iontach a bhí ag an ngalfaire Rory McIlroy in 2014.
(Alt 1)

(b) Cén gaisce atá déanta ag Rory mar ghalfaire Eorpach? (Alt 1)
(10 marc)

2. (a) Scríobh síos **dhá** rud a chabhraigh go mór le Rory galf a chleachtadh nuair a bhí sé óg.
(Alt 2)

(b) Cad a rinne Rory sa bhliain 2007? (Alt 2)
(10 marc)

3. (a) Is breá le lucht na meán Rory. Cén fáth? (Alt 3)

(b) Cén scór a bhí ag Rory nuair a bhuaigh sé Craobh Oscailte na Stát Aontaithe? (Alt 3)
(10 marc)

4. (a) Cá dtéann Rory nuair a bhíonn am saor aige? (Alt 4)

(b) Cad a dúirt Rory go poiblí sna meáin tamall ó shin? (Alt 4)
(10 marc)

5. (a) Luaigh **dhá** chúis a bhfuil Rory an-saibhiranois. (Alt 5)

(b) Cén obair a dhéanann *The Rory Foundation*? (Alt 5)
(10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

Hillary Clinton agus Rás 2016 chuig an Teach Bán

1. I mí na Samhna gach ceathrú bliain, caitheann muintir Stát Aontaithe Mheiriceá a vóta i dtoghchán le duine a chur go dtí an Teach Bán in Washington le bheith mar Uachtarán ar an tír. Bíonn comórtas ann de ghnáth agus beirt páirteach ann, duine ón dá phríomhpháirtí polaitíochta sa tír, na Poblachtaigh agus na Daonlathaigh. Cuirtear suim sa toghchán i Meiriceá agus ar fud an domhain mar is duine an-tábhachtach sa saol náisiúnta agus sa saol idirnáisiúnta é Uachtarán na Stát Aontaithe.
 2. Beidh an chéad toghchán eile don phost mar Uachtarán ar na Stát Aontaithe ar siúl ar an 8 Samhain 2016. Tá daoine ag caint cheana faoin vótáil seo agus faoi na daoine a bheidh ag seasamh sa toghchán. Tá a lán daoine ag fiafraí an seasfaidh Hillary. Cé hí Hillary? Rugadh Hillary Rodham in Chicago sa bhliain 1947. Bhí spéis aici sa pholaitíocht nuair a bhí sí ar scoil agus ar an ollscoil. Chabhraigh sí le páirtí a hathar, na Poblachtaigh. Ach tar éis tamaill, d'fhág sí an páirtí Poblachtach mar ní raibh sí sásta le cuid de na polasaithe a bhí acu. Thosaigh sí ag obair do na Daonlathaigh.
 3. Bhain sí céim amach sa dlí in Ollscoil Yale sa bhliain 1973. Dhá bhliain ina dhiadh sin, phós sí Bill Clinton, fear a bhí ar an ollscoil léi. Bhog an bheirt acu go hArkansas. Tá Arkansas bocht go leor mar stát agus tá sé i bhfad ó lár na polaitíochta in Washington. Chaith Bill tamall fada mar Ghobharnóir ar Arkansas. Mar bhean an Ghobharnóra, labhair Hillary amach go minic faoi chúrsaí oideachais. Bhí plean aici chun cúrsaí oideachais sa stát a fheabhsú. Lorg sí breis airgid do na scoileanna sna ceantair bhochta agus mhól sí do thuismitheoirí a bheith ag léamh lena bpáistí mar go gcabhródh sé sin leo foghlaim.
 4. Sa bhliain 1992, toghadh Bill Clinton ina Uachtarán ar na Stát Aontaithe. Chuir muintir Mheiriceá agus muintir an domhain aithne ar Hillary sna blianta sin mar Chéad-Bhean Mheiriceá, an teideal oifigiúil a thugtar ar bhean
- chéile an Uachtaráin. D'oibrigh Hillary le grúpa daoine a chuir plean le chéile chun cúrsaí sláinte i Meiriceá a dhéanamh níos fearr. Níor ghlac Comhdháil na Stát Aontaithe leis an bplean, áfach. Cuireadh an locht ar Hillary. Bhí a lán daoine i Meiriceá míshásta go raibh an Chéad-Bhean ag obair ar cheist pholaitiúil. Cara dílis d'Éirinn is ea Hillary. Is minic a thagann sí ar cuairt chuig Éirinn. Léiríonn sí suim i gcónaí i gcúrsaí síochána i dTuaisceart Éireann.
5. Bhí Hillary sa Seanad idir 2001 agus 2009 mar ionadaí do stát Nua-Eabhrac. Bhí sé soiléir gur pholaiteoir cumasach í. Theastaigh ó Hillary seasamh i dtoghchán na hUachtaránachta i Samhain 2008 ach roghnaigh na Daonlathaigh Barack Obama. Bhuaigh Obama an toghchán. D'iarr an tUachtarán Obama ar Hillary a bheith mar Rúnaí Stáit. Bíonn an Rúnaí Stáit ag taisteal ar fud an domhain agus ag plé leis an bpolaitíocht idirnáisiúnta ar son Mheiriceá. Chaith sí ceithre bliana sa phost sin agus shíl a lán daoine go ndearna sí obair mhaith. Tá daoine ag ráanois go bhfuil plean ag Hillary seasamh don Teach Bán in 2016. Is cuma cad a dhéanann sí nó conas a éireoidh léi, fanfaidh ainm Hillary Rodham Clinton sna leabhair staire go ceann i bhfad.

Bunaithe ar fhoinsí éagsúla



1. (a) Cad a dhéanann muintir Stáit Aontaithe Mheiriceá i mí na Samhna gach ceathrú bliain? (Alt 1)

(b) Ainmnigh an **dá** phríomhpháirtí polaitíochta sna Stáit Aontaithe. (Alt 1) (10 marc)

2. (a) Cathain a rugadh Hillary Rodham? (Alt 2)

(b) Cén fáth ar fhág Hillary Rodham an páirtí Poblachtach? (Alt 2) (10 marc)

3. (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi Arkansas. (Alt 3)

(b) Luaigh an **dá** rud a rinne Hillary chun cúrsaí oideachais a fheabhsú in Arkansas. (Alt 3) (10 marc)

4. (a) Cén obair a rinne Hillary nuair a bhí sí mar Chéad-Bhean Mheiriceá? (Alt 4)

(b) Scríobh síos **dhá** rud a thaispeánann gur cara dílis d'Éirinn í Hillary. (Alt 4) (10 marc)

5. (a) Cad a theastaigh ó Hillary a dhéanamh i Samhain 2008? (Alt 5)

(b) Cén obair a dhéanann Rúnaí Stáit Mheiriceá? (Alt 5) (10 marc)

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Rognach).

A

– PRÓS AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) Oisín i dTír na nÓg

Tabhair achoimre ar na heachtraí is mó sa scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

Luaigh na pointí seo san achoimre:

- (i) Déan cur síos ar an gcuma a bhí ar Niamh Chinn Óir nuair a tháinig sí ag lorg Oisín.
- (ii) Cén t-eolas a thug Niamh Chinn Óir d’Oisín faoi Thír na nÓg?
- (iii) Cén sórt saoil a bhí ag Oisín leis na Fianna sular imigh sé go Tír na nÓg?
- (iv) Cén t-eolas atá sa scéal faoi na páistí a bhí ag Niamh Chinn Óir agus Oisín?
- (v) Déan cur síos ar an timpiste a tharla d’Oisín nuair a d’fhill sé ó Thír na nÓg.

(25 marc)

(b) Hurlamaboc

“Fiche bliain ó shin a pósadh Lisín agus Pól. Bheadh an ócáid iontach á ceiliúradh acu i gceann seachtaine. Bhí an teaghlaigh ar fad ag tnúth leis.” *Hurlamaboc*

Déan cur síos ar shaol Lisín ón uair a phós sí Pól **agus** ar na hullmhúcháin a bhí déanta aici don cheiliúradh (don chóisir).

(25 marc)

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.

Freagair **(a)** agus **(b)** anseo.

- (a)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan cur síos ar an gcineál duine é an príomhcharachтар (an phríomhphearsa) sa scéal **agus** ar na rudaí is mó a tharlaíonn don duine sin sa scéal.

(23 marc)

Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scriobh síos go cruinn.

(2 mharc)

- (b)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghiota sin.

(23 marc)

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.

(2 mharc)

Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Rognach).**A****– FILÍOCHT AINMNITHE –****(50 marc)**

Freagair **(a)** agus **(b)** anseo.

(a) Mo ghrá-sa (idir lúibíni)

- (i) Cad is téama don dán *Mo ghrá-sa (idir lúibíni)* (thíos), dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin** faoin téama sin sa dán. (8 marc)
- (ii) Scríobh síos íomhá (pictiúr) **amháin** ón dán atá greannmhar, dar leat. Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (8 marc)
- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)

Mo ghrá-sa (idir lúibíni)

Níl mo ghrá-sa
mar bhláth na n-airní
a bhíonn i ngairdín
(nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
le nóníní
is as a chluasa a fhásfaidh siad
(nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaiese cheolmhar
iad a shúile
(táid róchóngarach dá chéile
ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
tá ribí a ghruaige
(mar bhean dhubb Shakespeare)
ina WIRE deilgní.

Ach is cuma san.
Tugann sé dom
úlla
(is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
caora finiúna).

(b) An tEarrach Thiar

- (i) (a) Cén obair atá ar siúl ag an bhfear i véarsa a haon?
(b) Cén sórt fuaime atá ann i véarsa a haon?
(c) Conas atá an aimsir i véarsa a dó?
(d) Cá bhfuil na mná i véarsa a trí?

(8 marc)

- (ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an bpictiúr den *churrach* a thugann an file dúinn i véarsa a ceathair. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(9 marc)

An tEarrach Thiar

Fear ag glanadh cré
De ghímseán spáide
Sa gciúineas shéimh
I mbrothall lae:
 Binn an fhuaim
 San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin:
 Niamhrach an radharc
 San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
 Támh-radharc síothach
 San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
 San Earrach thiar.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Rognach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a scríobh **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad is téama don dán sin, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin** faoin téama sin sa dán.

(8 marc)

- (ii) Luaigh íomhá (pictiúr) **amháin** ón dán atá suimiúil, dar leat. Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**.

(6 mharc)

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(9 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

- (b) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a scríobh **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin** príomhsmaointe an dáin.

(8 marc)

- (ii) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán.

(6 mharc)

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(9 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)